2007

MEASTACHÁIN

FÁLTAS agus CAITEACHAIS

DON

BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2007

Arna n-ullmhú ag an Rialtas agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann
faoi réir fhorálacha Airteagal 28 den Bhunreacht.

NÓTAÍ MÍNITHE

1. An bunús leis na figiúirí

Na figiúirí a thaispeáintear le haghaidh fáltas agus caiteachais in 2006, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athbhreithnithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh na sonraí lániniúchta le haghaidh 2006 ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2006* agus sna *Cuntais Leithghabhála* 2006 atá le foilsiú faoi 30 Meán Fómhair 2007 ar a dhéanaí.

2. Ioncam

Tá meastachán an ioncaim le haghaidh 2007 bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Caiteachas

Ar 16 Samhain 2006 foilsíodh na *Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí (Leagan Coimrithe) agus Gearrchlár Caipitil Poiblí 2007* (IMC). Is ionann figiúirí 2007 sa doiciméad seo agus na cinn a foilsíodh san IMC. Tá figiúirí réamh-mheasta an aschuir do 2006 ag teacht leis na figiúirí a foilsíodh san IMC, agus is figiúirí sealadacha iad faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí eisiúintí dheireadh na bliana ar fáil go luath in Eanáir 2007.

4. Leithghabhálacha-i-gCabhair

Taispeáintear caiteachais vótáilte glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó le hOifig, le toiliú na Dála, a choinneáil chun caiteachas a fhritháireamh in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste. Cuimsítear sonraí ollchaiteachais vótáilte ag Ranna in IMC 2007.

5. ÁSPC

Íoctar na ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus <u>ní cuid iad</u> den ioncam a íoctar isteach sa Lárchiste.

Roimhe seo, ba ghá ranníocaíocht Státchiste chun an gannchion ar an CÁS a ghlanadh. Ach níor ghá ranníocaíocht Státchiste ó 1997.

6. Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean sa todhchaí

San Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 tá soláthar le haghaidh réamh-mhaoiniú cuid de chostas pinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí agus 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) measta a chur ar leataobh sa bhliain chun na críche seo (féach Nóta 7 ar leathanach 9)

7. Tabhairt ar aghaidh Leithdháiltí Caipitil

Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite suas le 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar agaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2006 tá méid de €182 milliún a eiseofar ón Státchiste agus a chuirfear chun creidiúint Chuntas an Phámháistir Ghinearálta i leith gach Roinne atá i gceist lena chaitheamh in 2007. San Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2007 léireoidh an t-aschur sealadach an caiteachas iarbhír.

8. An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1(a))

Is é an t-aschur réamh-mheasta don Chomhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) in 2006 ná barrachas de €3,978 milliún nó 2.3% de OTN. Is é an tuar don CRG réamh-Bhuiséid do 2007 ná barrachas de €4,431 milliún nó 2.3% de OTN, i gcomhréir leis an gComhardú Státchiste atá foilsithe sa pháipéar seo (féach leathanach 5).

Is slat tomhais é an CRG ar fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir, ar a n-áirítear an Státchiste, an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), na comhlachtaí státurraithe neamhthrádála, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), na hÚdaráis Áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais (CGO). D'áirítí na Boird Sláinte freisin sular lánscoradh iad; is cuid den Státchiste an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte a cuireadh ina n-ionad.

Dá thoradh sin, ní áirítear idirbhearta laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG: mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Is ceisteanna iad le socrú ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) teorainn earnáil an Rialtais Ghinearálta a leagan síos, agus an chaoi a gcinntear an chóir cheart chuntasaíochta ESA95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

9. Leagan Gaeilge

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie

TÁBLA 1

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS GO hIOMLÁN

	Reference	2006	2007
		€000	€000
Fáltais			
Reatha	*Table 2*	46,016,841	50,085,427
Caipitil	*Table 2*	1,859,473	1,483,211
Iomlán		47,876,314	51,568,638
Caiteachas			
Reatha	*Table 2*	37,128,130	40,487,021
Caipitil	*Table 2*	8,895,926	10,057,055
Iomlán		46,024,056	50,544,077
Comhardú Státchiste		**1,852,257**	**1,024,561**

TÁBLA 1(a)

COMHARDÚ RIALTAIS GHINEARÁLTA

	2006	2007
	€000	€000
Comhardú Rialtais Ghinearálta	**3,977,875**	**4,430,910**
% de OTI	**2.3%**	**2.3%**

TÁBLA 2

SONRAÍ NA bhFÁLTAS AGUS AN CHAITEACHAIS GO hIOMLÁN

Measatchán Fáltas agus Caiteachais - REATHA	*Tagairt*	2006	2007
		€000	€000
Fáltais			
Ioncam Cánach	Nóta 1, Lch. 5	45,450,000	49,520,000
Ioncam Neamhchánach	Nóta 2, Lch. 5	566,841	565,427
Iomlán		46,016,841	50,085,427
Caiteachas			
Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) an Lárchiste)	Nóta 3, Lch. 6	32,921,413	36,062,006
Ciste Fiachmhúchta)*	Nóta 4, Lch. 7	470,286	459,000
Caiteachas Reatha Neamhvótáilte Eile	Nóta 4, Lch. 7	3,736,431	3,966,015
Iomlán		37,128,130	40,487,021
Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Reatha		**8,888,711**	**9,598,406**
Measatchán Fáltas agus Caiteachais - CAIPITEAL			
Fáltais			
Ciste Fiachmhúchta *		470,286	459,000
Fáltais chaipitil eile	Nóta 5, Lch. 7	1,389,187	1,024,211
Iomlán		1,859,473	1,483,211
Caiteachas			
Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil)	Nóta 6, Lch. 8	6,630,956	7,505,336
Neamhvótáilte (Caiteachas a chuirtear de mhuirear go díreach faoi reachtaíocht áirithe)	Nóta 7, Lch. 8	2,264,970	2,551,719
Iomlán		8,895,926	10,057,055
Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Caipitil		**-7,036,454**	**-8,573,844**
Comhardú Státchiste		**1,852,257**	**1,024,561**

* An soláthar le haghaidh an Chiste Fiachmhúchta, is aistriú é ón gcuntas reatha go dtí an cuntas caipitil.

NÓTA 1.

Ioncam Cánach

	2006	2007
	€000	€000
Custaim	260,000	285,000
Mál	5,602,000	5,929,000
Cáin ar Ghnóthachain Chaipitil	3,100,000	3,340,000
Cáin ar Fháltais Chaipitil	350,000	370,000
Dleachtanna Stampála	3,700,000	3,945,000
Cáin Ioncaim	12,300,000	14,300,000
Cáin Chorparáide	6,680,000	6,690,000
Cáin Bhreisluacha	13,455,000	14,660,000
Tobhaigh	3,000	1,000
Iomlán	**45,450,000**	**49,520,000**

NÓTA 2.

Ioncam Neamh-Chánach

	2006	2007
	€000	€000
An Banc Ceannais - Barrachas Ioncaim	111,000	115,000
Airgead Poiblí Fabhraithe as Monaí a Eisiúint	30,000	30,000
Barrachas an Chrannchuir Náisiúnta	200,000	200,000
Díbhinní	81,984	72,296
Ús ar Iasachtaí		
Ciste na nIasachtaí Áitiúla	5,775	5,000
Iasachtaí Eile	3,360	7,150
Fáltais Eile		
Táillí Chlárlann na Talún	70,051	80,511
Fíneálacha agus Pionóis	32,430	33,170
Fáltais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide	12,000	10,000
Dleachtanna ó Marathon Petroleum	12,200	8,800
Eile	8,041	3,500
Iomlán	**566,841**	**565,427**

NOTA 3.

Glan-Chaiteachas Reatha Vótáilte

Vóta Uimh	Seirbhís	2006 €000	2007 €000
1	Teaghlachas an Uachtaráin	2,608	3,369
2	Roinn an Taoisigh	38,193	40,624
3	Oifig an Ard-Aighne	14,305	15,230
4	Príomh-Oifig Staidrimh	76,252	51,566
5	Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	8,411	9,267
6	Oifig an Aire Airgeadais	91,953	91,927
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	223,400	240,000
8	Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	625	651
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	372,300	397,780
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	248,926	258,282
11	Saotharlann Stáit	8,690	9,677
12	Rúnseirbhís	730	805
13	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	37,855	49,625
14	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	31,385	33,159
15	Oifig Luachála	9,388	10,521
16	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	12,553	13,554
17	Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	984	1,009
18	Oifig an Ombudsman	6,259	8,172
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí (1)	334,969	390,573
20	Garda Síochána	1,232,633	1,361,987
21	Príosúin (1)	310,876	316,954
22	Seirbhís Chúirteanna	52,201	63,091
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	35,650	38,044
24	Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha	385	465
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	810,305	858,623
26	Oideachas agus Eolaíocht	7,061,323	7,669,265
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	296,270	328,820
28	Gnóthaí Eachtracha	172,285	183,281
29	Comhar Idirnáisiúnta	598,816	727,925
30	Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	136,759	151,984
31	Talmhaíocht agus Bia	812,831	1,016,013
32	Iompar	480,226	509,985
33	Gailearai Náisiúnta	8,177	8,765
34	Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht	832,431	877,573
35	Ealaíon, Spórt agus Turasóireacht	359,442	390,994
36	Cosaint	732,000	766,080
37	Pinsin Airm	171,457	177,878
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	7,205,246	7,467,400
39	Sláinte agus Leanaí	371,614	407,527
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	9,488,797	10,623,613
41	Oifig an Aire Leanaí	302,667	438,948
	Pinsin Neamh-Leithdháilte agus iocaiochtai aonadacha CPP		37,000
	Straitéis don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Núail (2)		14,000
	Glan-Chaiteachas Vótáilte Iomlán	32,992,177	36,062,006
	Lúide Iarmhéideanna Roinne (3)	70,764	
	Íocaíochtaí an Státchiste go hIomlán le haghaidh Glan-Chaiteachais Vótáilte	32,921,413	36,062,006

(1) Aistríodh an maoiniú don tSeirbhís Promhaidh ó Vóta Uimh. 21 (Príosúin) go Vóta Uimh. 19 (Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí) le héifeacht ó 1 Iúil 2006.

(2) Tá ciste na SETN á chionroinnt dosna Vótaí san Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2007.

(3) Is ionann na hiarmhéideanna Roinne agus na méideanna a eisíodh as Cuntas Státchiste an Lárchiste le haghaidh caiteachais Roinne in aon bhliain amháin agus atá gan caitheamh ag deireadh bliana go dtugtar iad ar aghaidh lena n-úsáid sa bhliain dár gcionn. Ní bhíonn aon éifeacht acu ar chaiteachas Roinne atá faoi réir an leithdháilte sna Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí.

NÓTA 4.

Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte

	2006	2007
	€000	€000
Fónamh don Fhiachas Náisiúnta		
Ús	1,875,614	1,984,000
Ciste Fiachmhúchta	470,286	459,000
Costais Bhainistíochta Fiachais	49,100	57,000
Fo-iomlán	2,395,000	2,500,000
Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte Eile		
Ranníocaíocht le Buiséad an AE	1,530,000	1,683,500
Íocaíochtaí le Marathon Petroleum Ireland Ltd. faoin Acht Airgeadais,	16,500	8,400
Costais Toghcháin	1,520	15,000
Tuarastail agus pinsin don bhreithiúntacht agus do shealbhóirí Oifige		
Bunreachtúla agus Pinsin agus liúntais do bhaill nó d'iarbhaill áirithe an Oireachtais	41,607	43,087
Íocaíochtaí le Páirtithe Polaitiúla faoi na hAchtanna Toghcháin	5,161	7,100
Síntiús leis an Eagraíocht Forbartha Idirnáisiúnta	97,173	28,433
An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide (Leasú) 1983	0	10,000
Coimisiún Oireachtais	104,552	122,300
Ciste Forbartha na hÁise	13,150	5,750
Ilghnéitheach	2,054	1,445
Fo-iomlán	1,811,717	1,925,015
Iomlán	**4,206,717**	**4,425,015**

NÓTA 5.

Fáltais Chaipitil Eile

	2005	2006
	€000	€000
Fáltais ón AE		
An Ciste Comhtháthaithe	50,200	41,200
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa	142,000	90,000
Líonraí Tras-Eorpacha agus fáltais eile on AE	4,900	4,763
Aisíoc Iasachtaí		
Blianacht faoi Achtanna Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935 go 1987	12,943	6,742
Aer Lingus Sionainn Teo	6,349	0
Iasachtaí Eile a Aisíocadh:	400	400
Fáltais Chaipitil Eile		
Díol Maoin Stáit	257,389	70,000
Aer Lingus	240,902	0
CETRT	652,789	802,500
GFT, FÁS agus Fiontraíocht Éireann	12,079	406
Ceadúnais Teileafónaíochta So-ghluaiste	7,600	7,600
Ilghnéitheach	1,636	600
Iomlán	**1,389,187**	**1,024,211**

NÓTA 6.

Glan-Chaiteachas Caipitil Vótáilte (1)

Vóta Uimh	Seirbhís	2006 €000	2007 €000
4	Príomh-Oifig Staidrimh	1,219	0
6	Oifig an Aire Airgeadais	10,348	10,573
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	9,427	11,398
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	309,650	354,000
19	Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	5,999	22,901
20	Garda Síochána	47,001	49,000
21	Príosúin	56,700	36,035
22	Seirbhís Chúirteanna	29,450	39,000
23	An tÚdarás Clárúcháin Maoine	4,300	5,000
25	Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil	1,886,835	2,011,647
26	Oideachas agus Eolaíocht	633,500	706,600
27	Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	131,650	126,000
28	Gnóthaí Eachtracha	30,061	25,500
29	Comhoibriú Idirnáisiúnta	600	740
30	Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	154,681	163,716
31	Talmhaíocht agus Bia	119,760	209,900
32	Iompar	1,878,965	2,278,772
33	Gailearaí Náisiúnta	1,260	3,000
34	Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht	445,050	470,033
35	Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht	208,427	275,000
36	Cosaint	26,000	30,000
38	Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	17,000	19,875
39	Sláinte agus Leanaí	15,444	20,450
40	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	558,056	559,550
41	Oifig an Aire Leanaí	49,573	76,646
	Iomlán	**6,630,956**	**7,505,336**

(1) Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite suas le 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2006 áirítear méid de €182m faoin áis seo chun tabhairt ar aghaidh. Áireofar na méideanna deifnídeacha de chaipiteal a tugadh ar aghaidh – de réir Vóta - san Acht Leithreasaithe, agus eiseofar iad ón Státchiste agus cuirfear iad do shochar i gcuntas an Phámháistir Ghinearálta do gach Roinn atá i gceist lena gcaitheamh in 2007. Ba é €289m an méid caipitil a tugadh ar aghaidh ó 2005 go dtí 2006. Ní áirítear an méid seo san aschur tuartha thuas.

NÓTA 7.

Caiteachas Caipitil Neamh-Vótáilte

	2006 €000	2007 €000
Infheistíochtaí i gComhlachtaí Idirnáisiúnta		
An tAcht um an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha, 1991	405	304
Banc Infheistíochta Chomhairle na hEorpa	3,275	3,275
Ciste Forbartha na hÁise	2,012	2,012
Íocaíochtaí faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986		
Aisíocaíochtaí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe	4,500	20,000
CETRT	802,500	902,500
Íocaíochtaí Caipitil Eile		
An tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000	1,446,500	1,615,580
An tAcht Cuanta, 1996	1,380	7,598
An tAcht Graí Náisiúnta (Leasú), 2000	1,500	0
Íocaíochtaí Ilghnéitheacha/Eile faoi Reacht	2,898	450
Iomlán	**2,264,970**	**2,551,719**